

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021**

## **Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

### **Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2021**

	Leathanach
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	9
Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch	11
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13-32

## **Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

### **Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ceanglaítear le halt 51 den Acht sin ar BOO gach cuntas cúí agus gnách ar an airgead a fuair sé nó a chaith sé a choimeád i cibé leagan agus i leith cibé tréimhsí chuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- a) chun na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an BOO a ullmhú
- b) chun breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- c) chun aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chúí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**Cathaoirleach**

**Síniú:**

  
An Comhairleoir Joe Newman

**Dáta:**



## **Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

### **Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

Tháinig Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an dáta sin, ghlac an BOOÁCDL seilbh ar Shócmhainní, Dlíteanais agus feidhmeanna iar-Choistí Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, ghlac BOOÁCDL seilbh ar SOLAS, ar shócmhainní, dlíteanais agus ar bhainistíú ghníomhaíochtaí a nIonad Oiliúna.

Tá an Cód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach i gCiorclán 002/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais do gach BOO i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOÁCDL leis an gCód seo ag a chruinniú ar an 26 Márta 2019.

Bunaíodh Bord nua do BOOÁCDL ar an 19 Lúnasa 2019, agus ag a chruinniú a bhí ar an 16 Meán Fómhair 2019, chríochnaigh an Bord ceapachán na gCoistí Airgeadais agus Iniúcháireachta agus Riosca nua.

#### **Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a sholáthar, agus gan deimhniú iomlán a thabhairt, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go déantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

#### **Na príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Na freagrachtaí bainistíochta agus foirne a shainiú go soiléir.
- Na nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a áirithiú.
- Córas foirmiúil bainistithe riosca a bhunú lena mbaineann nósanna imeachta chun gach riosca a shainiú agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOOÁCDL a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a oibrítear in BOOÁCDL bunaithe ar:

- Coiste Rialachais arna bhunú chun beartais, logaí iniúchtaí agus cásanna dlí agus cúrsaí rialachais ghinearálta a athbhreithniú agus a fhorghnóthú
- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Scaradh dualgais
- Údaruithe ar leith;
- Seiceálacha inmheánacha
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí ina leagtar amach torthaí iarbhrí agus buiséadaithe na glár arna n-oibriú ag BOO

#### **Cuimsíonn Creat Maoirseachta an Bhoird:**

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh bunaithe ar an méid seo a leanas:

- An príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh.
- Na moltaí arna ndéanamh ag Oifig an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuairiscí eile.
- Na moltaí arna ndéanamh ag an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna (AII - BOO) i dtuairiscí Iniúcháireachta inmheánaigh.
- Obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.

#### **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) a tháinig le chéile ceithre huair in 2021. Áiríodh le clár oibre an CIR breithniú a dhéanamh ar:

- Tuairiscí Iniúcháireachta Inmheánacha
- Tuairiscí iniúcháireachta seachtracha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C & AG)
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Creat Bainistíochta Riosca
- Clár Riosca
- Clár Iniúcháireachta
- Tuarascáil Iniúcháireachta Comhlíonta
- Tuairiscí Stádais ó Stiúrtóir TFE
- Tuairiscí Bainistíochta Riosca ón Oifigeach Gnóthaí Poiblí (OGP)
- Tuairisc tuairime don Bhord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánaigh
- Ceistneoir Féinmheasúnaithe

## Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Chuir an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, an Ceann Airgeadais agus an Ceann Foirgneamh agus Maoine tuairiscí ar fáil maidir le feidhmiú rialuithe, airgeadas agus bhuail siad leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2021.

Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh don tréimhse tuairiscithe ábhartha ar an 23 Márta 2022.

#### An Coiste Airgeadais

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe freisin ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile ceithre huairé in 2021. Áiríodh le clár oibre an Choiste Airgeadais breithniú a dhéanamh ar:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021
- Moladh do Bhord AFS 2021
- Cuntais Ioncaim agus Caiteachais Mhíosúla
- Tuairiscí Bainistíochta Riosca ó Stiúrthóir TFE agus OGP

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE agus na Cinn Airgeadais don Choiste Airgeadais in 2021.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021 ar an 24 Márta 2022 agus mhol sé don Bhord glacadh leo.

#### Iniúcháireacht Inmheánach

Soláthraíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh Boird Oideachais agus Oiliúna (AII - BOO) seirbhís iniúcháireachta inmheánaigh, a thugann tuairim fhoriomlán ar réimsí a ndéantar iniúchadh orthu. Tá an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a saináithníodh le linn an iniúchta agus is mar seo a leanas raon na dtuairimí féideartha:

**Cuimsitheach:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Leordhóthanach:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach go ginearálta agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Neamhleor:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh neamhleor agus ní feidhmíonn sé go héifeachtach.

Rinneadh na hathbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaigh seo a leanas sa tréimhse ón 01 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

Rinneadh iniúchtaí ar Ionaid Oiliúna Pobail (CTCanna) agus ar an gCóras Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir (PLSS) in 2021. Níl na tuairiscí críochnaithe faighte fós ón AII-BOO. Cuireadh tús le hiniúchadh inmheánach soláthair in 2021 agus tá sé ar siúl in 2022.

Rinneadh iniúchadh ar Chomhlíonadh Soláthair in 2020 agus fuarthas an tuarascáil chríochnaithe ón AII-BOO i Meán Fómhair 2021 agus seoladh chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca í. Ba é toradh foriomlán na Tuairiscí ná go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 14 moladh san iomlán – 3 ard, 1 meán agus 10 íseal. Tá 8 gcinn curtha i bhfeidhm agus tá na 6 cinn eile ar siúl nó le dul chun cinn in 2022 agus á gcoinneáil faoi athbhreithniú leanúnach.

Rinneadh iniúchadh ar sheacht n-iniúchadh roimhe seo in 2020 agus fuarthas an tuarascáil chríochnaithe ón AII-BOO i mí na Nollag 2021 agus seoladh chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca í. Ba é toradh foriomlán na Tuairiscí ná go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 37 moladh san iomlán – 12 ard, 19 meán agus 6 íseal. Tá 22 gcinn curtha i bhfeidhm agus tá na 15 cinn eile ar siúl nó le dul chun cinn in 2022 agus á gcoinneáil faoi athbhreithniú leanúnach.

Rinneadh iniúchadh ar bheartais in 2020. Fuarthas an tuarascáil chríochnaithe i Meán Fómhair 2021 agus eiseofar í chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) i mí an Mhárta 2022.

Measann BOOÁCDL nach leor leibhéal na n-acmhainní iniúcháireachta inmheánaigh atá ar fáil in BOOÁCDL d'eagraíocht den mhéid agus den chastacht seo. Rinneadh uirill ina leith seo chuig an Roinn Oideachais le roinnt blianta anuas, agus iarraidh cead chun iniúcháir inmheánach tiomnaithe a cheapadh. Cé nár ceadaíodh an t-iaratas seo, aithníonn BOOÁCDL na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an AII lena n-áirítear Iniúcháir Inmheánach a cheapadh le roinnt idir BOOÁCDL agus BOOanna eile.

#### Sárúithe ar rialú inmheánach an chórais Soláthair -

Tá BOOÁCDL ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo a fhreagrachtaí uile maidir le rialacháin soláthair a chomhlíonadh. Tá cásanna ann ina bhfaightear earraí agus seirbhísí ar fud os cionn 90 láithreán trí phróisis soláthair iomaíocha, de réir Bheartas Soláthair BOOÁCDL, ach sáraíonn an luach carnach ar fud na láithreán go léir tairseacha tairisceana Náisiúnta/AE.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Bunaithe ar anailís ar chaiteachas 2021 i réimsí ina bhfuil próiseas ríomhthairiscintí ar fud na heagraíochta iomchuí, sainaithníodh caiteachas iomlán de €2,846,967 (gan CBL) mar chaiteachas neamhchomhlíontach. Tá €184,800 den mhéid seo comhlíontach anois agus beidh € 1,982,647 eile comhlíontach faoi dheireadh 2022/ go luath in 2023. Tá sé seo ar bhonn rollach agus athróidh sé de réir mar a thosaíonn agus a chríochnaíonn conarthaí. Tá roinnt céimeanna curtha i bhfeidhm lena n-áirítear foireann soláthair thiomnaithe de cheathrar ball foirne a bhunú, sceideal tairiscintí a léiríonn go soiléir dátaí deiridh na gconarthaí chun cabhrú le planáil agus príomhrialuithe oibríochtúla nua chun cásanna neamhchomhlíonta a laghdú. Tá gach céim ag teacht leis an bPlean Soláthair Corparáideach agus leis an mBeartas Soláthair BOOÁC DL. Mar thoradh ar na hathruithe seo tá BOOÁC DL ag tuar gur thart ar € 1 mhiliún a bheidh sa leibhéal neamhchomhlíonta a thuairiscítear an bhliain seo chugainn. Sonraí faoi neamhchomhlíonadh 2021 mar seo a leanas:

- (i) Caiteachas de €603,296 ar leabhair ar fud na scoileanna go léir a íoctar le soláthraí amháin. Chuaigh an Conradh in éag i mí Lúnasa 2020. Tá tairiscint maidir le soláthar na n-earraí seo beartaithe do R2 2022 agus beidh creatchonradh nua i bhfeidhm faoi R3 2022.
- (ii) Caiteachas de €357,853 le haghaidh innealtóireacht mheicniúil agus leictreach (lena n-áirítear leictreoirí) ar fud na scoileanna go léir a íoctar le trí sholáthraí. Níl aon chonradh lárnach i bhfeidhm. Tá tairiscint don tseirbhís seo beartaithe do R2 2022. Beidh creatchonradh nua i bhfeidhm faoi R4 2022.
- (iii) Caiteachas de €303,280 ar threalamh closmhairc a íoctar le cuideachta amháin. Fuair scoileanna earraí ag an leibhéal áitiúil toisc nach raibh aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Tá tairiscint chun na hearraí seo a sholáthar beartaithe do 2022/2023.
- (iv) Caiteachas de €202,085 d'innealtóirí TFC, a íoctar le dhá chuideachta. Níl aon chonradh lárnach i bhfeidhm. Tá tairiscint chun na seirbhísí seo a sholáthar beartaithe do 2022/2023.
- (v) Caiteachas de €199,634 ar fhoireann gníomhaireachta, a íoctar le cuideachta amháin. Chuaigh an Conradh in éag i mí Lúnasa 2020. Tá tairiscint chun na seirbhísí seo a sholáthar beartaithe do 2022/2023.
- (vi) Caiteachas de € 146,551 ar leictreachas a íoctar le soláthróir amháin. Tabhaíodh an caiteachas seo le linn na tréimhse nuair a tháinig deireadh leis an seanchonradh agus nuair a síníodh conradh láraithe nua. Beidh sé seo comhlíontach go hiomlán faoi dheireadh R2 in 2022 nuair a chlárófar an ceann deireanach de na láithreáin leis an gconradh nua.
- (vii) Caiteachas de € 146,361 ar sheirbhís phriontála bhainistithe a íoctar le soláthróir amháin. Tabhaíodh an caiteachas seo le linn na tréimhse nuair a tháinig deireadh leis an seanchonradh agus nuair a síníodh conradh láraithe nua. Tá sé seo comhlíontach go hiomlán anois ó dheireadh 2021.
- (viii) Caiteachas de € 101,877 ar thoscán ar fud scoileanna/ ionaid a íoctar le trí sholáthróir. Ceannacháin le haghaidh troscáin a bhí lasmuigh de raon feidhme tairisceana na gconarthaí láraithe atá ann cheana. Bhain roinnt ceannachán le COVID -19 m.sh. binsí lasmuigh, ní raibh conradh lárnach i bhfeidhm do na táirgí seo. Ní mheastar go dtabhófar caiteachas den chineál seo amach anseo. Meabhraíodh do gach scoil ceannach ó sholáthróirí ar conradh amháin.
- (ix) Caiteachas de € 85,597 ar irisí a íoctar le dhá sholáthróir. Fuair scoileanna earraí ag an leibhéal áitiúil toisc nach raibh aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Tá tairiscint chun na hearraí seo a sholáthar beartaithe do 2022/2023.
- (x) Caiteachas de € 62,747 ar mheasúnachtaí agus tástáil a íoctar le soláthróir amháin. Fuair scoileanna seirbhísí ag an leibhéal áitiúil toisc nach bhfuil aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Bunaithe ar leibhéal an chaiteachais, tá tairiscint do sholáthar na seirbhísí seo beartaithe go déanach in 2022/go luath in 2023, tabharfar tosaíocht do chonarthaí ar luach níos airde.
- (xi) Caiteachas de € 60,235 ar bhreathnóirí nótaí agus ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a íoctar le soláthróir amháin. Fuair scoileanna seirbhísí ag an leibhéal áitiúil toisc nach bhfuil aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Bunaithe ar leibhéal an chaiteachais, tá tairiscint do sholáthar na seirbhísí seo beartaithe go déanach in 2022/go luath in 2023, tabharfar tosaíocht do chonarthaí ar luach níos airde.
- (xii) Caiteachas de €54,510 ar phéintéireachta agus maisiúcháin a íoctar le dhá chonraitheoirí. Fuair scoileanna seirbhísí ag an leibhéal áitiúil toisc nach bhfuil aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Bunaithe ar leibhéal an chaiteachais, tá tairiscint do sholáthar na seirbhísí seo beartaithe go déanach in 2022/go luath in 2023, tabharfar tosaíocht do chonarthaí ar luach níos airde.
- (xiii) Caiteachas de € 53,474 ar chromebooks a íoctar le soláthróir amháin. Níl aon chonradh lárnach i bhfeidhm. Tá tairiscint chun na hearraí seo a sholáthar beartaithe do R2 2022. Beidh creatchonradh nua i bhfeidhm faoi R3 2022.
- (xiv) Caiteachas de € 50,607 ar mhúchtóirí dóiteáin a íoctar le soláthróir amháin. Fuair scoileanna seirbhísí ag an leibhéal áitiúil toisc nach bhfuil aon chonradh láraithe i bhfeidhm. Tá sé beartaithe ag BOOÁC DL clárú leis an gCreat OSR in 2022
- (xv) Caiteachas € 418,860, a íoctar le roinnt soláthróirí, thar raon earraí agus seirbhísí lena n-áirítear aláram ionraidh, aláram dóiteáin, ábhair ranga, scrianadh lotnaidí, frainceáil, pluiméireacht, trealamh TFC, TCP agus díghalrán. Moladh do scoileanna/ionaid earraí/seirbhísí a cheannach ó sholáthróirí ar conradh. Déanfar iniúchadh ar réimsí nach bhfuil aon chonarthaí i bhfeidhm leo agus bunófar plean do phróiseas tairisceana cuí le linn 2022 -2023.

Tabharfar tosaíocht do na catagóirí ardluacha caiteachais a leagtar amach thuas agus do chonarthaí móra atá ann cheana atá dlite le haghaidh aththairisceana.

Tá Plean Soláthair Corparáideach forbartha ag BOOÁC DL do 2019-2021, ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamhchomhlíonta aitheanta agus riachtanais soláthair BOOÁC DL eile. Leanfaidh BOOÁC DL le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint

## **Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

### **Ráiteas ar Rialú Inmheánach**

ina soláthróidh tairiscintí agus úsáid Creataí Náisiúnta atá ann cheana d'earraí agus do sheirbhísí an luach is fearr ar airgead agus ina gcomhlíonfaidh siad na riachtanais chomhlíonta.

#### **Calaois**

Níor tuairiscíodh aon teagmhais faoi bheartas Frith-Chalaoise & Éillithe BOOÁCDL in 2021.

#### **Nochtaí Cosanta**

Ní bhfuair BOOÁCDL aon nochtadh cosanta in 2021 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

#### **Bainistíochta Riosca**

Tá plean Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOÁCDL chun freastail ar ranna feidhmiúla na Ceannoifige. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Riosca ag gach cruinniú den Choiste Iníochóireachta agus Riosca in 2021 agus leanann an Coiste ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt phlean Bainistíochta Riosca Straitéiseach BOOÁCDL. Reáchtáladh treoirthionscadal bainistíochta riosca i sampla d'Tonaid Oiliúna agus scoileanna agus cuirfeadh i bhfeidhm é i ngach scoil/ionad i rith Samhradh 2022.

#### **Saincheisteanna atá ag dul ar aghaidh ag leibhéal na hEarnála**

##### **Sárúithe ar rialú inmheánach an chórais - Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair**

Cuireann Ciorclán 11/2014 dualgas ar BOOanna ráitis sochair agus ríomhanna a chur ar fáil do bhaill na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOOÁCDL a oibleagáidí chun ráitis phinsin bhliantúla a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair in 2021. Tá ráitis á gcur ar fáil, áfach, do bhaill sa chás go n-iarrann siad iad ina n-aonar agus tosaíocht á thabhairt do ráitis do bhaill foirne atá ag druidim ar scor. Is saincheist í seo ar fud na hearnála BOO agus tá sí á saothrú ar leibhéal náisiúnta ag limistéar SCPAO na Roinne Oideachais i gcomhar le BOOÉ agus BOOanna aonair. Mar gheall ar shaincheisteanna acmhainní leis an nGrúpa Rochtana, (lena n-áirítear Covid-19 agus foireann ag fágáil) obair forbartha a bhí tosaithe ar an gCóras CoreHR, d'fhonn BOOanna a chomhlíonadh maidir le Ranníocaíochtaí Aoisliúntais, cé nár críochnaíodh comhlíonadh iomlán an chórais de réir an sceidil. Mar sin féin, rinneadh méid suntasach oibre agus tá comhfhreagras leanúnach ar siúl leis an nGrúpa Rochtana agus ESBS agus tá tástáil á dhéanamh ar an bhfeidhmiúlacht nua atá á soláthar ag an nGrúpa Rochtana. Tá sé seo mar chuid den Chlár um Fheabhsú Pinsin foriomlán atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus tá foireann thiomnaithe in SCPAO curtha i bhfeidhm atá ag obair go hiomlán ar chúrsaí Pinsin agus Ranníocaíochta Aoisliúntais a réiteach. Tá soláthar ráiteas sochair chruinn do bhaill scéime pinsin SPS mar chuid lárnach de raon feidhme an Chlár um Fheabhsú Pinsin seo.

#### **Seirbhísí Comhroinnte Párolla**

Tá an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla Ardoideachais (SCPAO) bunaithe chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar san earnáil Oideachais agus Oiliúna.

#### **Párolla**

Tharla aistriú párolla BOOÁCDL do gach ball foirne i mí Iúil 2019. Tá an SCPAO freagrach as an bpárolla a phróiseáil agus tá BOOÁCDL fós freagrach as treoracha a eisiúint chuig seirbhísí comhroinnte maidir leis na hathruithe ar phárolla agus ar fheidhm AD. Tá sé deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach go bhfuil a cuid freagrachtaí comhlíonta aici maidir le ceanglais an Mheabhraín Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon atá sínithe agus atá i bhfeidhm idir BOOÁCDL agus an ionad na Roinne Oideachais - Seirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais (SCPAO). Soláthraíonn na doiciméid seo an creat chun Seirbhísí Comhroinnte Párolla SCPAO-BOO a oibriú thar ceann na hearnála BOO. Tá an Príomhfheidhmeannach ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmíonn an SCPAO rialuithe cuí i soláthar seirbhísí párolla chuig BOOÁCDL.

#### **Costais lena n-áirítear Taisteal agus Cothabháil**

Tá próiseáil costais lena n-áirítear íocaíochtaí Taistil agus Cothabhála (T&S) á rolladh amach freisin. D'aistrigh BOOÁCDL a costais chuig an SCPAO i R4 de 2019.

#### **Párolla Printíseach**

D'aistrigh DDLETB a bpárolla printíseach go dtí an tseirbhís phárolla bhainistithe a bhunaigh SCPAO i mí an Mhárta 2020.

#### **Íocaíochtaí Foghlaimora**

Tá BOOÁCDL tar éis a n-íocaíochtaí foghlaimora a aistriú chuig an tseirbhís bhainistithe a bhunaigh SCPAO in dhá thonn. Tonn 1 i mí Lúnasa 2020 agus Tonn 2 (Ógtheagmháil agus SDOG) Márta 2022.

#### **Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**

Bhí BOOÁCDL mar chuid de ghrúpa cobhsaíochta le cúig BOO eile a úsáideann an Córas Bainistíochta Airgeadais céanna (FMS). I mí Iúil 2020 agus ag obair le Foireann SCPAO rinneadh an tseirbhís seo a uasghrádú go dtí an leagan is déanaí den FMS seo mar chuid de chomhdhlúthú náisiúnta FMS.

## Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

#### Paindéim Covid-19

Rinne BOOÁCDL measúnuithe ar thionchar Covid -19. Chuir an Fheidhmeannacht tuarascáil faoi bhráid an ARC an 23 Márta 2022 inar tugadh le fios go raibh na rialuithe a bhí i bhfeidhm leordhóthanach agus iomchuí, de réir mar is indéanta le réasún. Rinneadh athbhreithniú ar na rioscaí a bhaineann le Covid -19 agus rinneadh maolú orthu agus taifeadadh iad ar an gClár Riosca.


#### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOÁCDL tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a oibriú. Dearbhaím go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 ar bhonn leanúnach ag gach cruinniú ar an mbealach a fhorordaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna. Deimhníodh é seo ag a chruinniú ar an 23 Márta 2022.

Áiríodh leis seo

- Chuir an Fheidhmeannacht tuarascáil i láthair ar a hathbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus trí thuarascáil scríofa araon) ag a chruinniú ar an 23 Márta 2022. Fuair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca deimhniú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus cuí a mhéid is indéanta le réasún. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar eolas a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta.
- Bhuail athbhreithniú ar thuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí agus seachtracha a eisíodh in 2021 agus go dtí seo in 2022 le hionadaithe ón AII - BOO, mar aon le scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird chun a chinntiú nach bhfuil aon neamhréireachtaí leis an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí agus in uirill Bhainistíochta.
- Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascáil ar an athbhreithniú (ó bhéal agus trí thuarascáil scríofa) ar rialuithe faoi bhráid an Bhoird an 28 Márta 2022.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2021 lena n - áirítear:
  - Rannpháirtíocht idir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
  - Tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, Stiúrthóir Scoileanna agus Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) chuig an mBord
  - Tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, Ceann Airgeadais agus Ceann Foirgneamh agus Maoine chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca
  - Moltaí a rinne an C & AG i litreacha bainistíochta nó i dtuairiscí eile
  - Moltaí a rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh
  - Tuairiscí Bainistíochta Riosca ó Stiúrthóir TFE agus Oifigeach Gnóthaí Poiblí BOOÁCDL
  - An Clár Riosca a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas seo ag a chruinniú a tionóladh an 28 Márta 2022.

Sínithe ag: 

An Comhairleoir Joe  
Newman Cathaoirleach

Dáta: 29.3.2022





# Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

## Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ráiteas na mbeartas cuntasafochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus ar dhliteanais reatha, agus
- na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim,

- go gcuireann na ráitis airgeadais, ioncam agus caiteachas an Bhoird i láthair i gceart do 2021 agus staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2021, agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasafochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais.

#### ***Bunús leis an Tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam agus gur cuí sin chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

#### **Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile**

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais phá. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuairisc seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

#### ***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nochtann an ráiteas ar rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2021 i gcás nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh le treoirínte soláthair phoiblí. Leagtar amach sa ráiteas freisin na céimeanna atá déanta nó beartaithe ag an mBord chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.

**Seamus McCarthy**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Nollaig 2023

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá baill an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- is gá rialú inmheánach den sórt sin a chur chun feidhme de réir mar a chinneann siad chun go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaioise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná cinnteacht réasúnach a fháil ar an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha nó nach bhfuil, is cuma an mar thoradh ar chalaiois nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnach agus leibhéal ard cinnteachta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaiois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráitis airgeadais sin.

Bainim úsáid as breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta mar chuid den iniúchadh de réir na ISAanna. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaiois nó earráid; nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chomhlíonadh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca gan míráiteas ábhartha de bharr calaioise a bhrath níos airde ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaiois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a bheidh oiriúnach do na cúinsí atá ann, ach ní chun tuairim a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtadh gaolmhar.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúcháireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Ní bhfuair mé an t-eolas nó na mínithe ar fad atá ag teastáil do m'iniúchadh nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál conclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an mbreathnaíonn sé go bhfuil sé míshonraithe ar shlí ábhartha. Más rud é go mbainim tátal as, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, bunaithe ar an obair atá déanta agam, tá sé de chúram orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmíú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil le linn na hiniúcháireachta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má shainnínim aon chás ábhartha i gcás nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

**Ráiteas Oibríocháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2021**

	Nóta	Bliain dar críoch 31/12/2021 €	Bliain dar críoch 31/12/2020 €
<b>FÁLTAIS</b>			
Deontais Iar-bhunscoileanna & Deontais Cheannoifige	3	135,472,182	126,983,832
Deontais Bhunscoile	4	2,306,090	1,662,333
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	5	62,649,919	73,688,099
Deontais Seirbhísí Óige	6	10,336,025	10,662,616
Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe	7	8,554,547	8,016,065
Caipiteal	8	19,426,843	17,028,410
		<u>238,745,606</u>	<u>238,041,355</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>			
Iarbhunscoileanna & Ceannoifig	9	131,955,304	122,532,136
Bunscoil	10	1,877,461	1,366,453
Breisoideachas agus Oiliúint	11	70,545,921	68,170,577
Seirbhísí don Óige	12	10,053,536	10,675,052
Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe	13	6,898,776	7,206,845
Caipiteal	14	17,120,122	10,787,275
		<u>238,451,120</u>	<u>220,738,338</u>
<b>Barrachas Airgid/(Easnamh) don Bhliain</b>		294,486	17,303,017
<b>Gluaiseacht i Sócmhainní Reatha Glan Eile</b>	25	<u>1,227,819</u>	<u>(12,883,876)</u>
<b>Barrachas Ioncaim Fabhraithe/(Easnamh) don Bhliain</b>		1,522,305	4,419,141
<b>Ioncam (Easnamh)/Barrachas ar 1 Eanáir</b>		4,404,230	(14,911)
<b>Ioncam (Easnamh)/Barrachas ar 31 Nollaig</b>	16	<u>5,926,535</u>	<u>4,404,230</u>

Sínithe ag: Joe Newman  
An Comhairleoir Joe Newman  
Cathaoirleach

Sínithe ag: Caitriona Murphy Uasal  
Caitriona Murphy Uasal  
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Dáta: 29/3/2022

Dáta: 29/3/2022

Tá na nótaí ar leathanaigh 13 go 32 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo


Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	31/12/2021	31/12/2020
		€	€
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	17	1,393,602	1,297,236
Deontais Chaipitil Stáit	18	3,677,544	1,797,886
Ioncam Athfhillteach Eile	19	814,985	681,543
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	20	568,821	611,163
Iarmhéid Bainc		38,055,219	37,760,733
		44,510,171	42,148,561
<b>Dliteanais Reatha</b>			
Deontais Stáit Athfhillteacha	21	11,800,750	17,620,872
Deontais Chaipitil Stáit	22	14,342,162	10,995,153
Ioncam Athfhillteach Eile	23	4,596,510	4,227,855
Dliteanais Phá & Costais	24	7,844,214	4,900,451
		38,583,636	37,744,331
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)</b>		<b>5,926,535</b>	<b>4,404,230</b>
Arna léiriú ag			
<b>Barrachas Ioncaim / (Easnamh)</b>	16	<b>5,926,535</b>	<b>4,404,230</b>

Anailís ar Bharrachas / (Easnamh) Ioncaim	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe	Fabhrú Barrachas Ioncaim / (Easnamh) Do 2021	Barrachas / (Easnamh) Coinnithe
	31/12/2021	Do 2021	31/12/2020
	€	€	€
<b>Clár</b>			
Scoileanna & Ceannoifig	8,385	(479,293)	487,678
Breisoideachas & Oiliúint	528,727	528,727	-
Cláir Féinmhaoinithe	5,389,423	1,472,871	3,916,552
16	5,926,535	1,522,305	4,404,230


Sínithe ag:

  
Ain Comhairleoir Joe Newman  
Cáthaoirleach

Dáta:

29/3/2022

Sínithe ag:

  
Caitriona Murphy Uasal  
Príomhfheidhmeannach Gníomhach

Dáta:

29/3/2022

Tá na nótaí ar leathanaigh 13 go 32 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

## **1 Beartais Chuntasaíochta**

### **1.1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha**

Tá bunús na cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta arna nglacadh ag BOOÁCDL leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus an bhliain roimhe sin.

### **1.2 Eolas Ginearálta**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an 1 Iúil 2013 agus tá a fheidhmeanna leagtha amach in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tháinig Pobalscoileanna Náisiúnta faoi Phátrúnacht an BOO le tús na bliana acadúla 2016/2017.

### **1.3 (a) Bunús an Tíolactha**

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is éard atá iontu ná Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus nótaí leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear Beartais Chuntasaíochta.

(b) Aithint Ioncaim agus Caiteachais

#### *Ioncam*

Aithnítear deontais ón Oireachtas agus deontais eile ar bhonn airgid.  
Aithnítear fáiltais eile ar bhonn airgid thirim.

#### *Caiteachas*

##### *Pá*

Aithnítear caiteachas ar phá ar bhonn airgid thirim. Is ionann pá agus luach saothair d'fhostaithe lena n-áirítear ÁSPC IR.

#### *Neamhphá*

Aithnítear caiteachas ar neamhphá ar bhonn airgid thirim. Is éard atá i gcaiteachas ar neamhphá ná costais riaracháin agus oibriúcháin.

#### *Liúntais*

Aithnítear caiteachas ar liúntas ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaimoírí atá ag tabhairt faoi chláir shonraithe bhreiseoideachais agus oiliúna arna maoiniú ag SOLAS.

Cuirtear an Ráiteas Oibriúcháin i láthair trí fháltais airgid tirim agus íocaíochtaí airgid thirim in aghaidh an ghrúpála cláir. Déantar an barrachas / (easnamh) airgid a choigeartú le haghaidh gluaiseachta i Sócmhainní Reatha (gan Banc) agus Dliteanais Reatha chun toradh foriomlán a thabhairt don bhliain ar bhonn fabhráithe.

(c) Sócmhainní agus Dliteanais a Aithint

Ullmhaítear an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus ar Dhliteanais Reatha ar bhonn fabhráithe trí dheontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheora eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn na fáiltais ghaolmhara a fuarthas agus an caiteachas a tabhaíodh agus de réir na rialacha maoinithe.

#### *Deontais Stáit Athfhillteacha*

Is iad na deontais seo an bunmhaoiniú don Bhord Oideachais agus Oiliúna.

#### *Deontais Chaipitil*

Úsáidtear na deontais seo chun costais foirgníochta, bhonneagar, éadálacha réadmhaoine agus athchóirithe a íoc, agus i gcúinsí sonraithe féadfar iad a úsáid chun daingneáin, feistis, trealamh agus troscán a mhaoiniú.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire  
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

*Ioncam Athfhillteach Eile*

*Tionscadail Ghníomhaireachta agus Féinmhaoinithe*

Is éard atá i gceist le hobair gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta nó mac léinn eile de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar an costas leis an mBord.

Is éard atá i dTionscadail Féinmhaoinithe ná clár a reáchtáiltear faoi rialú iomlán an Bhoird don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh i Sócmhainní Reatha.

Tá Dliteanais Phá agus Speansais san áireamh i nDliteanais Reatha.

*Comparáidí*

I gcás inar gá, rinneadh na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe sin a athlua ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

(d) Sócmhainní seasta Inláimhsithe

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a cheannaítear lena n-áirítear foirgneamh, bonneagar, éadálacha réadmhaoine, costais athchóirithe, daingneáin, feistis, trealamh agus troscán a chaitheamh sa bhliain cheannaigh. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

(e) Stoic

Déantar na stoic inchaite go léir a chlárú mar chaiteachas arna gceannach.

(f) Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann an BOO, lena n-áirítear iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochar sainithe. Tá baill foirne atá fostaithe ó 2013 san áireamh sa Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus déantar íocaíochtaí míosúla leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí bliantúla pinsin go díreach thar ceann an BOO. Tá BOOanna freagrach as a bpinsin a riar. Cuireann an Roinn Oideachais maoinithe pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar amach anseo atá fabhráithe do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

(f) Léasanna

Déantar gach íocaíocht léasa a chaitheamh mar a thabhaítear iad.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire  
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

2 Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Oideachas agus Oiliúint ar fáil mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhís	Líon na Scoileanna/na nIonad*	Líon na Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe***
Bunleibhéal*****	12	3,326	[leasaithe]
Dara Leibhéal	31	19,843	[leasaithe]
Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)****	36	[leasaithe]	23,411
Páirtaimseartha /Ranganna Oíche****	7	[leasaithe]	497

\* Líon na Scoileanna/ Ionad óna gcuireann BOOÁCDL seirbhís agus gníomhaíochtaí oideachais ar fáil.

\*\* Maidir leis an mbunleibhéal agus an dara leibhéal tá sé seo bunaithe ar chláru na bliana acadúla. Maidir le ranganna BOO agus páirtaimseartha / oíche tá sé seo bunaithe ar na rolluithe aonair sa bhliain féilire.

\*\*\* Tagraíonn tairbhíthe do líon iomlán na n-áiteanna a glacadh sa bhliain. Ríomhtar é seo trí chlárucháin a chur leis amhail an 1 Eanáir agus gach rollú ina dhiaidh sin i rith na bliana.

\*\*\*\* Tá Rannpháirtithe agus Tairbhíthe Ionaid Oiliúna Páirtaimseartha/Ranganna Oíche san áireamh i líon Breisoideachais agus Oiliúna (BOO).

\*\*\*\*\*Tá 3 Scoil Speisialta le 36 rannpháirtí san áireamh.

**3 Fáltais Iarbhunscoileanna & Phríomhoifige**

	<b>Bliain dar críoch 31/12/2021</b>	<b>Bliain dar críoch 31/12/2020</b>
	€	€
An Roinn Oideachais		
-Pá	118,698,412	110,322,809
-Neamhphá	8,326,108	11,511,249
-Cláir Ghaolmhara	8,012,427	4,845,378
An Roinn Oideachais - Fo-iomlán	<u>135,036,947</u>	<u>126,679,436</u>
Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	384,568	214,806
Táillí Teagaisc - Mic Léinn	50,667	89,081
Banc	-	509
	<u>135,472,182</u>	<u>126,983,832</u>

**4 Fáltais Bunscoile**

	<b>Bliain dar críoch 31/12/2021</b>	<b>Bliain dar críoch 31/12/2020</b>
	€	€
An Roinn Oideachais	2,303,010	1,656,175
Eile	3,080	6,158
	<u>2,306,090</u>	<u>1,662,333</u>

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

<b>5 Fáltais Bhreisoideachais agus Oiliúna</b>		<b>Bliain dar críoch</b>	<b>Bliain dar críoch</b>
		<b>31/12/2021</b>	<b>31/12/2020</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
SOLAS		62,327,979	73,379,345
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht		18,050	22,554
Mic Léinn		303,890	286,201
		<u>62,649,919</u>	<u>73,688,091</u>
<b>6 Fáltais Seirbhísí Óige</b>		<b>Bliain dar críoch</b>	<b>Bliain dar críoch</b>
		<b>31/12/2021</b>	<b>31/12/2021</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeachtha agus Óige		8,757,180	9,028,39
An Roinn Sláinte		794,435	832,208
POBAL agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas		501,821	477,027
An Roinn Oideachais		248,280	231,049
TUSLA		90,793	90,793
Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin		6,422	3,144
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas		(62,906)	-
		<u>10,336,025</u>	<u>10,662,616</u>
<b>7 Fáltais Ghníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe</b>		<b>Bliain dar críoch</b>	<b>Bliain dar críoch</b>
		<b>31/12/2021</b>	<b>31/12/2020</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Gníomhaireachtaí</b>	<b>An Roinn Urraithe/ Maoinitheoir</b>		
Íoc ar Iasacht & Aisghabhálacha Eile	An Roinn Oideachais	588,515	451,080
Íoc ar Iasacht & Aisghabhálacha Eile	Éagsúla	1,504,799	1,124,507
Béilí Scoile	An Roinn Coimirce Sóisialaí	1,169,695	873,267
Aisghabhálacha Costais Scrúdaithe	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	427,890	11,626
Clár Críochnaithe Scoile	Tusla	357,312	362,218
Music Generation	Music Generation agus Comhairle Contae Fhine Gall	147,500	-
Tionscadal Leabharlann JCSP	Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí	75,501	83,964
Erasmus	Léargas	(23,104)	423,356
Gníomhaireacht eile - 31 i Líon	Éagsúla	70,432	179,337
		<u>4,318,540</u>	<u>3,509,355</u>
<b>Tionscadail Féinmhaoinithe</b>			
Spóirt, Sóisialta & Cultúrtha	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	1,099,661	938,751
Leabhair & Trealamh	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	589,058	578,556
Tobhaigh & Éarlaisí Mac Léinn	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	559,197	657,244
Táillí PLC	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	470,824	483,530
An Idirbhliain	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	439,631	383,609
Coimpléisc Spóirt	Pátrúin	167,521	188,980
Táillí Scrúdaithe Trú Páirtí	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	149,335	191,796
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	Foireann	114,678	98,700
Tiomsú Airgid & Síntiúis	Tuismitheoirí/ Mic Léinn/ Pátrúin	101,945	105,903
Staidéar Maoirsithe	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	88,364	141,477
Irisí & Taisceadáin	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	81,621	80,953
Éilimh Árachais	IPB	74,119	172,454
Turais & aistir scoile	Tuismitheoirí/ Mic Léinn	66,041	147,651
Hallai & Seomraí Corpoideachais a fháil ar Cíos	Pátrúin	48,189	76,696
Féinmhaoinití eile - 71 i Líon	Éagsúla	185,823	260,410
		<u>4,236,007</u>	<u>4,506,710</u>
<b>Iomlán</b>		<u>8,554,547</u>	<u>8,016,065</u>
<b>8 Fáltais Chaipitil</b>		<b>Bliain dar críoch</b>	<b>Bliain dar críoch</b>
		<b>31/12/2021</b>	<b>31/12/2020</b>
		<b>€</b>	<b>€</b>
An Roinn Oideachais		17,854,009	15,868,189
SOLAS		473,870	1,160,221
Eile		1,098,964	-
		<u>19,426,843</u>	<u>17,028,410</u>



**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021**

9 Iar-bhunscoileanna & Íocaíochtaí Ceannoifige	Bliain dar críoch 31/12/2021				Bliain dar críoch 31/12/2020	
	Pá	Neamhphá		Iomlán		
	€	€	€	€	€	
PÁ						
Treoir	109,520,944			109,520,944	101,501,632	
Riarachán	5,726,261			5,726,261	5,765,915	
Cothabháil	3,140,950			3,140,950	3,522,378	
	118,388,155			118,388,155	110,789,925	
<b>NEAMHPHÁ</b>		8,407,902	8,407,902		8,222,889	
<b>CLÁIR GHAOLMHARA</b>						
Maoirseacht Fheabhsaithe COVID 19	949,794	773,405	1,723,199		379,942	
Dighalrán COVID 19 agus TCP	-	1,202,022	1,202,022		636,873	
Tacaíocht Glantacháin COVID 19	98,753	391,365	490,118		179,496	
COVID 19 Cúntóir a Fhostú	366	10,299	10,665		69,164	
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Mac Léinn	140,785	595,899	736,684		1,273,044	
Deontas DEIS & Idirchaidreamh Scoilaíocht Bhaile	132,593	169,010	301,603		281,370	
Deontas Leabhar	-	301,393	301,393		355,738	
An Idirbhliain	(570)	137,844	137,274		69,229	
Cúntóirí Gráid Ríofa	144	-	144		51,421	
Daoine eile - 12 i Líon	39,844	216,301	256,145		223,045	
	1,361,709	3,797,538	5,159,247		3,519,322	
	119,749,864	12,205,440	131,955,304		122,532,136	

10 Íocaíochtaí Bunscoile	Bliain dar críoch 31/12/2021			Bliain dar críoch 31/12/2020	
	Pá	Neamhphá	Iomlán	Iomlán	Iomlán
	€	€	€	€	€
Deontas Caipitil PSN	167,416	523,236	690,652		601,377
Deontas Seirbhíse Coimhdeach PSN	385,017	39,232	424,249		401,434
Dighalrán COVID 19 agus TCP	-	266,242	266,242		74,990
Tacaíocht Glantacháin COVID 19	15,955	234,255	250,210		28,091
COVID 19 Cúntóir a Fhostú	2,221	1,417	3,638		6,394
Iompar Scoile PSN	101,509	0	101,509		66,599
Deontas DEIS PSN	-	98,597	98,597		91,978
Scéim Leabhar Scoile CNS	-	29,530	29,530		29,936
Deontas eile - 11 i Líon	(18,695)	31,529	12,834		65,654
	653,423	1,224,038	1,877,461		1,366,453

11 Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna	Bliain dar críoch 31/12/2021				Bliain dar críoch 31/12/2020	
	Pá	Neamhphá	Liúntais	Iomlán		
	€	€	€	€	€	
<b>Breisoideachas agus Oiliúint</b>						
PLC	13,087,043	510,828	-	13,597,871	11,486,198	
Costais Oibríocháin	8,117,981	2,294,972	-	10,412,953	10,270,633	
Ógtheagmháil	4,801,332	893,105	1,102,284	6,796,721	6,716,032	
Printiseachtaí	315,926	969,075	4,678,005	5,963,006	5,640,819	
Soláthraithe Sainoiliúna (STP)	-	2,370,711	1,496,656	3,867,367	4,466,983	
Bridging Foundation & Oiliúint Scileanna SDOG	18,834	2,741,175	976,387	3,736,396	3,809,731	
Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas	1,256,779	409,959	2,015,957	3,682,695	4,039,268	
Ionaid Oiliúna Pobail	2,694,021	606,600	-	3,300,621	3,323,295	
Cúrsaí Oiliúna	-	1,610,366	698,166	2,308,532	2,512,739	
Lítearthacht Aosach	141,163	1,512,356	479,923	2,133,442	3,097,877	
Oideachas Pobail	1,719,185	272,011	-	1,991,196	2,055,940	
Uaireanta Comhoibríthe	1,168,559	395,202	-	1,563,761	1,445,592	
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	1,474,112	-	-	1,474,112	1,514,594	
Maoiniú Breise d'Aosaigh & Breisoideachais	-	516,008	743,088	1,259,096	1,493,030	
Scileanna le Dul Chun Cinn	-	1,255,407	-	1,255,407	867,456	
Seirbhís Treorach Oideachais Aosaigh	-	949,213	-	949,213	541,554	
Foghlaim Ar Líne/Chumaisc/Leabharlann	729,129	88,634	-	817,763	682,655	
Cúrsaí Oíche	-	653,113	133,685	786,798	493,998	
Neamhphá PLC	361,396	40,196	-	401,592	501,176	
Costais Oibríocháin Bhreisoideachais	-	463,587	-	463,587	-	
Forchostais BOO Covid-19	316,503	14,028	-	330,531	69,513	
MAEDF	5,690	301,334	-	307,024	418,679	
Clár Iniúchadh	-	227,582	-	227,582	40,037	
Eile - 24 i líon	8,008	333	-	8,341	20,980	
<b>Iomlán</b>	1,697,651	1,035,054	1,77,609	2,910,314	2,661,798	
	37,913,312	20,130,849	12,501,760	70,545,921	68,170,577	

## Bord Oideachais agus Oilíúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais – Bliain dar críoch 31 Nollaig 2021

12 Íocaíochtaí Seirbhíse Óige	Bliain dar críoch 31/12/2021			Bliain dar críoch 31/12/2020
	Pá	Neamhphá	Iomlán	€
UBU - Do Áit Do Spás	460,040	6,745,009	7,205,049	3,466,752
Feidhm Obair Óige	380,803	264,147	644,950	529,940
Coimpléise Spóirt Dhá Fheidhm	481,786	69,416	551,202	573,410
Tascfhórsa Príomhshrutha Drugaí	-	511,847	511,847	570,254
Cistí Caipitil Óige faoi stiúir Foirne	-	227,584	227,584	395,168
Deontas Club Óige	-	211,202	211,202	245,505
Ionad Foghlama Carline (An Roinn Oideachais)	-	165,833	165,833	155,837
Tascfhórsa Drugaí Riachtanas atá ag Teach Chun Cinn	-	151,425	151,425	101,956
Eolas Óige	-	124,143	124,143	128,105
Ionad Foghlama Carline (FSS/Tusla)	-	84,083	84,083	91,224
Tascfhórsa Drugaí	3,300	71,579	74,879	75,009
Tascfhórsa Réigiúnach	-	42,630	42,630	100,523
Miondeontais Covid-19 2020	-	40,405	40,405	3,655
Tionscnaimh LGBTI+ Óige	-	10,351	10,351	13,242
Scéim Mhaoinithe Óige Athbhreithnithe	-	9,079	9,079	188,545
UBU - Tionscnamh Athléimneachta agus Éifeachtúlachta	-	8,807	8,807	-
Éire Shláintiúil Shóisearach Reach	5,205	-	5,205	5,009
Tionscnamh Infhostaitheachta Óige	4,114	-	4,114	32,052
Deontais Infheistíochtaí TFC	-	2,643	2,643	33,866
Y.P.F.S.F. STREAM 2	-	23	23	-
Sportivate Baile Átha Cliath Theas	-	-	-	18,645
Scéim Trealamh Club Óige Áitiúil	-	-	-	10,212
TYFS - Scéim Mhaoinithe Idirthréimhseach don Aos Óg	-	(21,018)	(21,018)	3,936,143
	<b>1,335,248</b>	<b>8,718,288</b>	<b>10,053,536</b>	<b>10,675,952</b>

### 13 Gníomhaireachtaí agus Íocaíochtaí Tionscadail Féinmhaoinithe

#### Gníomhaireachtaí

#### An Roinn Urraithe/ Maoinitheoir

		Bliain dar críoch 31/12/2021			Bliain dar críoch 31/12/2020
		Pá	Neamhphá	Iomlán	€
		€	€	€	€
Íoc ar Iasacht & Aisghabhálacha Eile	An Roinn Oideachais	271,984	339,399	611,383	453,162
